

OIDHREACHT AN ATHAR PEADAR: *CROIDHE CAINNTE CIARRAIGHE¹* AGUS ‘CAINT NA NDAOINE’

TRACEY NÍ MHAONAIGH

... what really offends the ear and mind of the native Irish listener is the sort of still unmanageable stuff which is written by the pedant who has scrupulously ‘avoided provincialisms’. The man who ‘avoids provincialisms’ simply avoids the language. Hence what he writes is not Irish of any description ...²

The proper thing to do is to preserve most carefully *all* ‘provincialisms’; not to let a shred nor a trace of them be lost. What are those provincialisms in reality? They are merely three or four styles in which the language still lives in all its vigour ... Each of them exhibits in its own way the characteristics of beauty and power which are peculiar to the Irish language ... Any one of them is fully rich enough and copious enough for all functions of language, even at the present day. What wealth of language there must be in the whole of them together!³

Ag díriú ar scríbhneoireacht phróis a bhí an tAthair Peadar nuair a scríobh sé an méid seo thus ar thábhacht an chanúnachais agus chroí chaint na ndaoine. Mhaigh sé gur chóir an saibhreas áitiúil a cheadú agus droim láimhe a thabhairt don ornáideachas liteartha nár oir don Ghaeilge nádúrtha, comhairle lenar ghlac sé féin agus é i mbun peannaireachta. Ag

¹ *Croidhe Cainnte Ciarrraighe* an teideal a thug Seán Óg féin ar a shaothar, ach feictear leaganacha difriúla den teideal in úsáid. I gcomhaontú 1936, *Croidhe Cainnte Ciarrraighe* a tugadh air ach *Croidhe Cainnte Ciarrraighe* sa dara comhaontú. Feictear an leagan *Croidhe Cainnte Ciarrraighe* in úsáid, ansin, i measc an chomhfheagras ar an saothar, agus ag druidim le deireadh scéal CCC feictear na leaganacha *Croidhe Cainnte Ciarrraighe* agus *Croí Cainnte Ciarrraighe* in úsáid ag Oifig an Taoisigh agus an Roinn Oideachais. Tugtar leagan Béarla den teideal i litir a scríobh David H. Charles, dlíodóir Sheáin Óig, chug Seosamh Ó Néill, Rúná na Roinne Oideachais: ‘I have been consulted by Mr. Sean Kavanagh of Dunquin, Dingle, Co. Kerry with reference to an Agreement dated the 20th May, 1936 made between the Minister for Education and my client, providing for the preparation of a book to be entitled “The Heart of Kerry Irish”.’² Eanáir 1939 (N566 II).

² O’Leary (1902: 16).

³ O’Leary (1902: 18–19).

OIDHREACHT AN ATHAR PEADAR

scríobh do Shéamus Ó Séarcaigh i *Nua-Sgríbhneoirí na Gaedhilge* faoi stíl scríbhneoireachta an Athar Peadar, dúirt sé:

Tá anál na Gaedhealtacha ó thús go deireadh ann, mar isí an Ghaedhealtacht agus muintear na Gaedhealtacha ar a raibh eolas thar barr ag an ughdar atá le feiceáil ann. Tá an chanamhaint go simplidhe nádúrtha, agus níl duine dáir tógadh leis an Ghaedhilge as a óige nach mothóchaidh go bhfuil snas agus blas na teangha ar gach focal agus ar gach abairt ann.⁴

Fiche bliain roimhe sin, bhí an rud céanna ráite ag Seán Óg Ó Caomhánaigh, Seán a’Chóta, agus é ag soláthar altanna seachtainiúla do *Sinn Féin* nuair a thagair sé do luach *Séadna Uí Laoghaire* do léitheoirí Gaeltachta:

Denimis dhá lucht di (léitheoirí): lucht na Gaeltachta agus an lucht a d’fhoghlaím an Ghaeilge. An chéad dream teastaíonn óna bhformhór Gaeilge shonaoideach agus saol tuaithe de rogha; an dream eile teastaíonn Gaeilge agus saol cathrach de rogha. *Séadna* an saothar is mó agus is fearr ar shaol na tuaithe. *Deoraíocht* an saothar is fearr ar shaol cathrach. Ba cheart an dá shaothar seo d’fhéigeadh agus an earraíocht is mó is féidir a bhaint astu ... I *Séadna* tá Séadna féin mar ghréasaí, Diarmaid is a ghualainn leis an ursain, Sadhbh ag callaireacht, etc. In *Deoraíocht*, an Bacach féin ag comhaireamh a chuid óir ... etc. Nach iad lucht na Gaeltachta a bheadh mórlach as aon phictiúr acu sin a chrochadh ar an bhfalla, ní ar fhalla na leabharlainne ná eile, ach ar fhalla na cistine. Nach iad an dream a bhfuil leabharlann agus rudaí maithe eile acu a shínfeadh a méar go mórlach chucu á ndeimhniú do Sheoinín éigin, b’fhéidir, agus á rá “Sin gníomhadóir as an leabhar éachtach *Séadna* nó sin gníomhadóir as *Deoraíochta*”.⁵

Ní hamháin gur aithin Seán Óg saibhreas agus luach *Séadna* do léitheoirí na Gaeltachta, ach chreid sé féin sa soiscéal céanna, gurbh í Gaeilge dhúchasach chainteoirí líofa na Gaeltachta an Ghaeilge ab fhearr. Thug sé go rímhaithe, áfach, go raibh an Ghaeilge sin i mbaol agus gur theastaigh gníomhaíocht éigin chun í a neartú.

Ní ar gcúl a theastaíonn uainn dul ach ar aghaidh; ní ag caolú agus ag

⁴ Ó Séarcaigh (1933: 31).

⁵ Ó Caomhánaigh (1991b: 22–3).

dul i laghad atá uainn ach ag leathnú agus ag méadú ... Ní do-dhéanta an obair an teanga a choimeád beo ann. Faoi láthair tá sí i dhá cheann na meá. Bíodh an taobh trom den mheá againn.⁶

Rud a bhí comónta idir Seán Óg agus an tAthair Peadar ná ardchaighdeán teanga, mar aon le tuiscint faoi leith ar an gcruinneas a bhain leis an oidhreacht shaibhir teanga i measc phobal líofa na Gaeltachta, cruinneas ar ghá é a chur chun cinn agus, níos tábhachtáil fós, a chaomhnú. Ba bheirt iad a sheas fód na teanga go fonnmar agus a d'aithin go raibh teacht ar eithne na teanga i measc na gcainteoirí ab fhéarr, murab ionann agus leithéidí De Hindeberg a bhí ag déanamh beagán den oidhreacht mar chaighdeán liteartha agus ag iarraidh dul siar ar Ghaeilge an Chéitinnigh. Thuig siad nár ghá géilleadh do nualeaganacha mínláirthe, ach oiread, nuair a bhí fáil ar leaganacha ní ba chruiinne, ní ba dhúchasaí, ní ba nádláirthe agus, dá bhrí sin, ní ba shoileire, toisc gurbh ann cheana feín dóibh. Ach, ag an am céanna, níor leasc le Seán Óg, ach go háirithe, dul i mbun ceapadóireachta laistigh de thobar saibhir na hoidhreachta chun na heasnaimh a bhí ar an teanga a líonadh le freastal ar riachtanais na linne.

Teangeolaithe agus téarmeoalaithe de chineál a thuig a gcúram go maith ab ea iad, mar sin, a raibh tuiscint faoi leith acu ar chúrsaí teanga, ar riachtanais teanga agus ar an tábhacht a bhain, agus a bhaineann i gcónaí, le teanga a cheapadh laistigh de għramadach agus d'oidhreacht inmheánach na teanga sin ar mhaite le soiléireacht agus nádláirtheach. Thuig siad, chomh maith, an tábhacht a bhaineann le taifead a choinneáil ar an gcaint is nádláirthe, is soiléire agus is fearr.

'Let us preserve,' a dúirt an tAthair Peadar, 'not only 'provincialisms', but even the most isolated localisms. Ink and paper are not very expensive. Certainly they cannot be turned to better use than the preservation in black and white of every vestige of our language.'⁷ N'fheadar ar thuig sé lón na mbileog agus méid an dúigh a d'úsáidfeadh Seán Óg agus é i mbun na naoi n-imleabhar is fiche de chuid *Croidhe Cainnte Ciarráighe* (CCC) a thiomsú.

Chuige sin, ba thráthúil an ócaid í, agus LCC 2014 ar siúl sa Daingean, in aice láimhe le dífiche an Chóta, ag díriú ar an Athair Peadar, duine de mhórchosantóirí na Gaeilge dúchais, go mbreathnófaí ar an obair éachtach a rinne Seán a' Chóta chun Gaeilge Chorca Dhuibhne, go háirithe, a chaomhnú.

⁶ Ó Caomhánaigh (1991a: 7).

⁷ O'Leary (1902: 18–19).

Seán Óg Ó Caomhánaigh

Rugadh Seán Óg Ó Caomhánaigh, Seán Caomhánach, Seaghán Mac Murchadha Caomhánach, Seánín Sheáin Dhomhnaill, Seán Mac Murchadha Kavanagh, Seán an Chóta, An Clóca, nó Dubh Dorcha, ar 7 Feabhra 1885⁸ i gClochar i bParóiste Bhaile an Fheirtéaraigh, siar an bóthar uainn anseo. Maidir leis na leaganacha difriúla dá ainm, is díol spéise é go dtagraíonn sé do chuid de na leaganacha sin i gcorp CCC. Faoin bhfocal 'cóir', mar shampla, deir sé, "Seán an Chóta" an leasainm atá orm ach "Seán Caomhánach" m'ainm chóir. Faoin bhfocal 'clóca', "An Clóca" an leasainm thugadh an Commun Noun orm toisc clóca m'fhillidh bhig. Tagraíonn Seán Óg don fhilleadh beag sin arís faoi na ceannfhocail 'cúrsa' agus 'fachnaoideach', 'An cheud lá do thána' on Daingean agus an filleadh beag orm, bhfós im chúrsaibh caoraidheachta ag cuid desna daoinibh agus im chúrsaibh gáiridhe ag cuid eile aca: fáth fiosrachta is gáiridhe; 'An chéad uair nuair chuireas an "filleadh beag" orm bhíodh cuid desna daoinibh go fachnaoideach fúm, ag gáiridhe fúm laistiar dem dhrom, ag caitheamh carball mímhúinte i dtaobh mo chroicinn leis etc.: d'iarraidh droichmheasa na coitchiantachta do tharraingt orm agus aoibhneas dhá bhaint aca as a n-ionchar fonmhódach féin.' Is dócha nár cheart díuinn díriú an iomarca ar Sheán Óg mar cheannródaí faisín ach, bhí sé mar mhúinteoir agus ábhar spreagtha ag an scoláire Dáithí Ó hUaithne agus, de réir dealraimh, bhíodh sé de nós aigesean, leis, an filleadh beag a chaitheamh, in aithris ar Sheán Óg, b'fheídir⁹, rud a thug ar Mhicheál Ó Siadhail 'Dáithí an Chóta' a thabhairt air¹⁰.

Chaith Seán sealanna i mbun gairmeacha difriúla – seal ag múineadh, seal ag saighdiúireacht, seal ag spailpíneacht, seal ag iriseoireacht agus seal i mbun CCC a bhailí. Chaith sé seal, leis, i ngéibheann i gCampa an Churraigh le linn Chogadh na gCarad, agus é ag troid ar thaobh na bPoblachtánach, áit ar choimeád sé cín lae a eispéisiris. Ach, le fírinne, cuimhnítear agus cuimhneofar ar Sheán de bharr a chuid oibre ar Ghaeilge Chiarráí, agus ar Ghaeilge Chorca Dhuibhne go háirithe.

I ndiaidh dó CCC a chur i gcrích, fuair sé post ar thionscadal Fhoclóir Béarla–Gaeilge Thomáis de Bhaldraithe, a léiríonn, is dócha, an meas a bhí air i réimse na foclóireachta. Tugadh faoi deara go raibh ag teip ar a

⁸ Ó Luing (1985: 8).

⁹ Féach Mac Aonghusa (1994: 118): 'An mar aithris ar a mháistir a chaitheadh sé an Filleadh Beag nó An Cota tráth dá shaol?'

¹⁰ Ó Siadhail (1994: 35).

shláinte,¹¹ áfach, agus ar 16 Eanáir 1947 tháinighas ar chorp Sheáin Óig ina theach lóistín i ndiaidh dó oíche chuideachtúil a chaitheamh lena chairde. Scríobh Dáithí Ó hUaithne alt in *Comhar* in ómós dá oide tar éis bháis dó agus dúirt ann:

Bhí sé le léamh ann gurbh Irish scholar é, pé ciall atá leis na focla san. Ach níor scoláire i n-ao’ chor é ach duine a fuair lántsaibhreas Gaeluinne ó dhúchas agus a bhíodh ag cur leis an saibhreas san i gcónuí; bhaineadh sé an méid sin aoibhneasa as bheith ag úsáid na teangan ná bíodh sé d'uain aige í d'iniúchadh go mion mar a dhéanfadh an scoláire ... Sí fírinne an scéil í ná go mbíodh uaigneas air mara mbeadh conbharsáid aige le gach sórt duine, idir óg agus aosta, uasal agus íseal, agus tuigeadh do gur mhór an scannradh é go mbeadh a cháirde aineolach ar theanga chomh hálúinn leis an nGaeluinn do bhí aige ... Agus, ós rud é go bhfuil Boswell luaite agam, beidh sé do dhánaíocht agam a rá nár mhiste, béisir, a rá go bhfuil cuid mhaith cosúlachtaí idir an Dr. Johnson agus an Cóta; dhin gach duine aca ana-staidéar ar a theanga dúchais, agus scríg gach duine aca foclóir – agus, tréis an tsaoil, ní ar fheabhas a shaothair liteara a mhair clú Dr. Johnson, ach toisc gur dhuine é a tharraing cárde na dtimpeall é [sic] agus sé is dóichí ná go mbeidh an rud chéanna [sic] le rá i dtaobh an Chóta ... Thug sé taitneamh riamh dosna rudaí sin is mó a bhí fé ghradam nuair a bhí an Gael in uachtar in Éirinn – caint bhríomhar, fíon dearg agus mná áille.¹²

Croidhe Cainnte Ciarraighe

Mar a luadh cheana, bhí spéis faoi leith ag Seán Óg sa Ghaeilge, agus spéis aige i dtodhchaí na teanga ina cheantar féin go háirithe. Nuair a smaoinímid air seo agus ar an gcaoi, agus é ag fás anfós, gur tháinig sé go mór faoi thionchar an tseanchais agus na scéalaíochta áitiúla¹³, ní haon ionadh gur ó Sheán Óg a tháinig ceann de na saothair Ghaeilge is mó agus is saibhre dá bhfuil againn, mar atá, *Croidhe Cainnte Ciarraighe*.

11 Féach Ó Lúing (1985: 31): ‘Deir Nóra Ní Shúilleabháin a bhí ag obair sa tigh céanna leis i Sráid Hiúm, ag trácht ar an tréimhse dhéanach dá shaol: “Thugas fé ndeara ná raibh sé róládirid an t-am san. Bhíodh sé mall ag siúl suas an staighre.”’

12 Ó hUaithne (1947).

13 Faoi bhfocal ‘oll’, mar shampla, deir sé: ‘Cois teine is me im óige do bhíodh cur síos ar oll-ghníomhartha na Féinne ges na seandaoiñibh: gníomhartha is bearta móra gaisce agus fleadhachas’. Tagraíonn sé don scéalafocht ina shaol arís faoin gceannfhocal ‘ridire’: ‘B’é ár dtígh-ne, is cuimhin liom, log bailiúithe ridiridhe an róid, thagaidís chughainn as gach áird is budh mhór é a gcuid eachtraidhthe: lucht siubhail: fánaidhthe a chaitheadh a saoghal ar bóthar.’

Ach, cad a thug dó tabhairt faoin obair áirithe seo ar an gcéad dul síos? San alt ‘Staid na Teanga i gCorca Dhuibhne’ a scríobh sé i gcomhair *Sinn Féin*¹⁴ bhreathnaigh sé ar thionchar an Bhéarla ar an teanga, agus na deacrachtaí a bhí roimpi fanacht beo:

In áiteanna eile labhraid na seandaoine agus na daoine meánaosta an teanga ach is minicí an Béarla á labhaint ag an aos óg. Is dona an cursa é ach sin mar tá. Ina theannta sin is é a gcláon faoi láthair an SacsBhéarla a labhaint agus éirí Gallda iad féin ... Cad tá á dhéanamh chun cosc a chur ar an eirleach diabhal seo? ... Is dealraitheach gurb amhlaidh atá an teanga ag tarrac léi, ag snámhán uainn d'ainneoin na lagiarrachtaí atá á dhéanamh ar í a choimeád beo.¹⁵

Bliain ina dhiaidh sin, scríobh sé alt eile i gcomhair an fhoilseacháin chéanna, ‘Díscíú na Teanga’¹⁶ ag breathnú ar mheath na teanga agus ar na lagiarrachtaí céanna chun an Ghaeilge a choinneáil beo.

Aithníodh go forleathan a dhíograis i leith na teanga agus moladh dó a shaibhreas féin agus saibhreas Ghaeilge a cheantair dhúchais a chaomhnú.¹⁷ Ar ábhar a spreagtha i dtreo na hoibre seo, ní miste tagairt a dhéanamh don tionchar a bhí ag Marie Louise Sjoestedt, chomh maith le Seoirse Mac Niocaill agus Micheál Breathnach, ar an gcinneadh a rinne sé tabhairt faoina leithéid seo de shaothar.

I mí Eanáir 1935, chuir Seán Óg sampla de chnuasach de Ghaeilge Chiarraí a bhí idir lámha aige faoi bhráid Choiste Comhairleach na Roinne Oideachais. D’iarr an Coiste ar Mhícheál Ó Gríobhtha, eagarthóir Muirmheach de chuid *An Gúm*, breathnú ar an ngíota agus tuairisc a scríobh air. Tharraing sé aird ar an easpa slachta agus oírd a bhí ar an ngíota, áfach, agus ar na botúin ar fad a bhí gan cheartú. Ina theannta sin, d’ardaigh sé ceist faoi oiriúint nithe áirithe ann. Feicimid go raibh amhras air i dtaobh cuid de na samplaí a raibh, dar leis, cuma an Bhéarla orthu, chomh maith le samplaí eile a bhí cosúil le samplaí as Foclóir an Duinnínigh. Níorbh é seo an t-aon uair amháin le linn an tionscnaimh go dtagrófaí don chosúlacht idir saothar an Chóta agus Foclóir seo an Duinnínigh. Ach, é sin ráite,

14 *Sinn Féin*, 26 Meitheamh 1911.

15 Ó Caomhánaigh (1991a), 6–7.

16 *Sinn Féin*, 22 Meitheamh 1912.

17 Deirtear in Ó Lúing (1985): ‘Is iad an bheirt ba chúis le Seán Óg a spreagadh chun an saothair ná Seoirse Mac Niocaill agus Micheál Breathnach ... De thoradh spreagadh uaidh féin [Seoirse Mac Niocaill] agus ó Mhícheál Breathnach chuaigh Seán ag plé an scéil leis an Roinn Oideachais.’ (25–6).

chuir Ó Gríobhtha in iúl dóibh gur mheas sé go mbeadh sé luachmhar mar shaothar agus mhol sé a leagan amach.

Ar 20 Bealtaine 1936, ansin, síníodh comhaontú idir Seán Óg Ó Caomhánaigh agus an tAire Oideachais inar leagadh amach go gcuirfeadh an t-údar ar fáil saothar dar teideal “Croidhe Cainnte Chiarraidhe”. D’éireodh aighneas mar gheall ar cheist seo an chomhaontaithe ní ba dheireanaí sa scéal, áfach, nuair a thuigfeadh an Roinn Oideachais thíreach chomh mór agus a bheadh an saothar ag an deireadh, ach lean sé air ag bailiú agus ag tiomsú go dtí 30 Nollaig 1942.¹⁸ Cnuasach ollmhór atá agaínn, dá bharr, a bhfuil tuairim is 2,250,000 focal agus 60,000 ceannfhocal ann. Tá lámhscríbhinn CCC ar coimeád i Roinn Lámhscríbhinní Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ón uair gur cheannaigh an Roinn Oideachais cearta an tsaothair ó Sheán Óg sa bhliain 1945 ar £300.

Modh oibre Sheáin Óig

Mar a luadh thusa, síníodh comhaontú idir Seán Óg agus an Roinn Oideachais i mí na Bealtaine 1936 agus ba é ‘Coláiste San Aindrias, 21 Faithche Stiofáin, Baile Átha Cliath’ a tugadh mar sheoladh Sheáin ann, a thugann le fios go raibh cónaí air i mBaile Átha Cliath nuair a chuir sé túis leis an obair seo. De réir mar a chuaigh céarsaí ar aghaidh, áfach, chinn sé, go luath sa bhliain 1937, go n-éireodh sé as a phost sa scoil úd agus as a shaol sa phríomhchathair, agus go mbogfad sé ar ais go Gaeltacht Dhún Chaoin chun tabhairt saothar ar bhonn lánaimseartha:

The author called to the office on 27th April (1937) and saw the Deputy Secretary, when he stated that he was anxious to devote his full time to the work of Croidhe Chainnte Chiarraighe. He called to see the Publications Officer on 7th May, and informed him that he was of the opinion that the work would not be finished “for years” if the present arrangement were continued, viz. by which he wrote the MS in Dublin after teaching hours, paying only an occasional visit to the Gaeltacht. He said he would prefer to give up his teaching post, settle down in the Gaeltacht, and devote all his time to collecting words and phrases and writing them down in a form suitable for printing ... If the Department saw no objection he would resign his post in Dublin, (he was not a registered or pensionable teacher),

¹⁸ De réir dealraimh, níor rith sé le Seán Óg féin riabh go mbeadh sé ag gabháil don saothar chomh fada sin in aon chor. I dtuairisc a cuireadh ar fáil dar teideal ‘VOTE 49 – SCIENCE AND ART: CROIDHE CAINNTE CIARRAIGHE’ lúaitear inti: ‘The author estimated that he could have it finished in his spare time before the end of 1937.’ (N566 III).

and proceed to the Gaeltacht at once, but he would expect to be paid regularly each month in respect of each instalment sent in.¹⁹

Bhí an Coiste Comhairleach sásta leis an moladh seo, agus shocraigh siad go n-focfaí le Seán Óg trí cheathrú den fligiú iomlán (£2 an míle focal) as gach giota a chuirfeadh sé chucu. Gheobhadh sé an cheathrú eile agus an eagarthóireacht déanta ar an ngiota. Socraíodh go leanfaí den socrú seo go ceann sé mhí, agus níos faide ina dhiaidh sin dá n-éireodh leis an gcéad tréimhse. Is ón bpóinte seo ar aghaidh a cuireadh túis ceart leis an saothar, sa mhéid is go raibh ar a chumas ag Seán Óg anois giotaí cuimsitheacha a chur ar fáil ar bhonn rialta.

Tar éis dó bogadh ó dheas luigh sé isteach ar an obair. Ach an bhfuil aon tuairim againn faoin modh oibre a bhí aige agus é ag gabháil don obair seo? De réir litreach a sheol Seán Óg chuig Oifigeach Foilseachán na Roinne Oideachais, Seán Mac Lellan, i mí na Samhna 1937, 7 mí i ndiaidh dó an t-aistriú a dhéanamh, i measc mhuintir Chorca Dhuibhne a bhí a chuid ama ar fad, nach mór, á chaitheamh:

Táim ag obair ar mo dhícheall ar an saothar – ar feadh an lae, an feadh ná bím ag scríobh bím ag taighdeadh ameasc cainnte na ndaoine agus nidh nách iongadh bíonn rudaidhe agam tréis mo lae ná baineann leis an leitir (“C”) atá ar láimh agam, ach beidh áiseamhail oireamhnach ’n-a n-ionad féin. Bíonn orm cuid mhór aimsire do chaitheamh ar an obair seo ach is fiú san é, chun bheith deimhnightheach, chun go mbeadh na carbháill ’n-a gceart agus cur iliomad ceistiúcháin ortha [sic], a’s ag múscailt a spéise san rud atá ar siubhal agam. Cuirfidh sé áthas ort a chlos go bhfuil a fhios ag daoinibh Chorca Dhuibhne ar fad agus go mbítear ag trácht ar charbhallaibh a’s chanamhaintidhíbh corra d’fheuchaint an mbeidís uaim nó agam nó ar bh’fhéidir liom iad do mhíniughadh. Sé an fáth go dtagraim do so go mbeadh a fhios agaibh ná fuil ceal adhbhair ná cóngaimh orm maidir lé cómrádh agus suim agus go n-oibrighim dhá uair deug a chloig²⁰ den ló ar an obair seo! – ag scríobh, ag deunamh nod, ag cur ceisteanna etc. Go dtugaidh Dia dhom go mbeadh i ndán leanamhaint di.²¹

¹⁹ ‘Croidhe Cainnte Chiarraighe (Seán Óg Ó Caomhánaigh)’ (Tuairisc a sholáthair Seán Mac Lellan, í sínithe aige ar an 1/5/1943, ar an tionscnamh foclóireachta) dar fotheideal ‘Author proposes to move to Gaeltacht’, 11–12 (N566 I).

²⁰ Is le Seán Óg féin an fhóline anseo.

²¹ Litir ó Sheán Óg chuig Seán Mac Lellan, 29 Samhain 1937 (N566 I).

Theastaigh uaidh a chur in iúl don Roinn nár chnuasach de Ghaeilge a chomharsanachta féin amháin a bhí idir láhma aige, agus go raibh sé ag taisteal lasmuigh de chun a chinntíú go mbaileodh sé na leaganacha ab fhéarr. Ach, ar ndóigh, bhí costas sa bheis ag baint lena leithéid de chur chuige:

Táim ag cuimhneamh ar aistriughadh as an áit seo seachtmhain ó indiu agus dul ar feadh roinnt laetheanta roim dhul go B’l’Áth Cliath dhom ... go háit eile 25 míle ó bhaile chun seandaoine atá ann do chainnтиughadh mar gheall ar rudaidhíbh áirighthe ag baint lém chuid oibre. Ós rud é nách bhfuil airgead agam bheinn buidheach dhíot ach é do luathughadh chugham roim dheireadh na seachtmhaine mar ná bead ag filleadh annso go dtí thréis na Nodlag.²²

I mí Feabhra na bliana 1938, ansin, chuir sé cuid den litir ‘C’ ar aghaidh chuig an Roinn agus ghabh sé leithscéal leo toisc a mhoille ag seoladh an ábhair chucu. Ach cur chuige dúthrachtach díograiseach a chuid sclábháiochta ba chuíos léi:

Leis an bpost so tá trí leabhartha agam dhá chur chughat ar an leitir “C” – 63,184 focal ionta. Is oth liom nár fheudas breis deabhaidh do dheunamh ach bhíos coighcís nó mar sin um Nodlaig gan puinn scríobhnóireachta do dheunamh toisc me dhul go B’l’Áth Cliath agus síos thar cnoc chun seanGhaedilgeóiridhe go bhfuil a gcos ar bhruach na huatha d’fheicsint agus cómhrádh do bheith agam leó ar mhórán seanchais(?) budh mhaith liom do bheith agam i gcóir na hoibre atá rómham amach fós. Leitir fhada seadh “C” ach beidh an chuid eile níos éascaidhe ach “S” agus “T”.

Brathaim cuibheasach maith an aimsir seo agus bím ag obair ar feadh an lae agus cuid mhaith den oidhche d’iarraidh luathuighthe leis an obair – ní orm atá an mhoill ach an méid atá lé bailiughadh agus ní fuláir dhom bheith tamall éigin de gach lá ag cainnt leis na seanóiridhbh. Tagaid annso chugham – cuid aca, agus an méid ná tagann atá ró-aosta caithim dul ar cuaird chúcha. Táim ar mo chroidhe dichill pé in Éirinn é – tá súil agam go bhfullir féin chómhí maith agus budh mhaith liom tu do bheith, agus go bhfuil do bhean go maith ’n-a sláinte airís – níor mhaith liom aon rud do bheith uirthe ná ar aonne dá treibh.

22 Litir ó Sheán Óg chuig Seán Mac Lellan, 4 Nollaig 1937 (N566 I).

Seadh, a Sheáin, tá súil agam go bhfeudfair an t-airgead do chur chugham chómh luath agus is féidir leat. Caithfead an Cháin Teacht Isteach d’foc agus móráin rud eile. Bíonn costas orm ag gabháil den obair seo: ní maith liom aonne do bheith ag tabhairt cora cainnte dhom agus é do chur díomhaoin. Nuair raghaidh an aimsir i mbreághthacht (tá sí an-olc fé láthair) caithfead dul i bpároistidheachaibh eile ar feadh tamaill, gach poll a’s cúil do chuardach agus an chainnt mar labhartar í do chur síos. Ní hí cainnt na ndaoine óga atá ag na seandaoinibh in ao’chor.²³

I litir mhí an Mhárta, chuir sé gné eile dá mhodh oibre in iúl don Roinn, mar aon lena chruachás céanna airgid:

Tá broid airgid orm gan amhras. Tá daoine ag lorg orm, lucht na Cánoch Isteach, a’s tá orm síntiúsaidhe mfosamhla d’foc as mhórán rud go bhfuil fógraíde tagtha chugham ’n-a dtaobh, a’s tá orm me féin do chothughadh tréis an tsaoighail: ní beó gan biadh me. ... Tá daoine ag bailiughadh dhom in áiteannaibh thar tímcheall agus ní bhfaghainn ionam a geóngamh do ghlacadh in aisce. Rud eile níor thuilleas aon rud as an obair seo lé ráithe agus connus is féidir liom maireachtaint? ... Bím ag obair ar feadh an lae agus d’iarraidh gach aon rud do chur síos ’n-a cruinne. Caitheann daoine eile na bliadhanta leis agus cabharthóiridhe aca. Táimse ar mo chion féin agus maidir le haimsir, obair agus dúthracht níslim dhá gcoigilt ar an saothar so, agus ní fheudfainn gal tobac do cheannach dom féin. Dein luathughadh, a Sheáin, léd thoil agus bead baodhach beannachtach.²⁴

I mí Aibreáin, ansin, chuir sé in iúl go raibh sé i ndiaidh bheith ar an mBlascaod:

Gaibh agam toisc gan do leitreacha d’fhreagairt roimhe seo. Do bhíos thall ar an mBlascaod ag obair.²⁵

Airgead an chloch ba mhó a bhí ar a phaidrín arís eile i mí na Bealtaine, áfach, agus faitíos air nach mbeadh sé in ann an modh oibre a bhí beartaithe aige a chur i gcríoch mura bhfaigheadh sé a chuid ón Roinn:

23 Litir ó Sheán Óg chuig Seán Mac Lellan, 2 Feabhra 1938 (N566 I).

24 Litir ó Sheán Óg chuig Seán Mac Lellan, 15 Mártá 1938 (N566 I).

25 Litir ó Sheán Óg chuig Seán Mac Lellan, 25 Aibreán 1938 (N566 I).

Na deicheanna a bhéas ag teacht chugham-sara fada budh mhian liom a bhfagháil fé lár an mhí seo mar tá buachaill annso atá ag obair do lucht an bheuloidis agus beidh ag dul síos go Bránnán i gcionn seachtmhaine nó coighcís. Is gnáthach liom dul 'n-a fhochair nuair bhíonn sé ag bailiughadh agus ar an gcuma san gheibhim cainnt na ndaoine mar bhí ann ceud go leith bliadhain ó shoin agus budh mhian dul 'on Leitir Iubhach in aon fleacht leis óir tá móran mór seanGhaedilgeóiridhe toghtha ann. Bead árdhuidheach dhfot ach so do dheunamh dom agus beidh tigh agam gur féidir leat teacht ó dheas aon am ar mo chuireadh agus lá saoire agus breis agus lá do chaitheamh. Mar thá agam fé láthair de cheal áite dem chuid féin níl ar mo chumas aon chómhartha cineáltais ná buidheachais do theasbáint dom chárdeach nuair gheóbhadt na deicheanna san (cinnte ní eiteóchaidh me?) beidh teach agam agus fáilte roim gach aonnie.²⁶

Faoi tráth seo, bhí aird na Roinne ar thoirt an tsaothair agus ar chostas na hoibre. Nuair a síníodh an conradh le Seán Óg bhí sé ar intinn go bhfoilseofaí an téacs mar théacsleabhar meánscoile, ar aon dul leis an téacs de Ghaeilge Thír Chonaill, *Cora Cainnte as Tír Chonaill*, a cuireadh i gcló i 1933. Bhí an comhaontú den chineál a dhéantáil le scribhneoirí téacsleabhar dá bharr.²⁷ De réir mar a bhí an obair ag dul ar aghaidh, agus de réir mar a bhí giotaí á gcur isteach ag an údar, ba léir, áfach, go mbeadh an téacs i bhfad níos toirtiúla ná mar a ceapadh. Socraíodh, mar sin, go n-athrófaí an téacs ó scéim na dtéacsleabhar meánscoile chuig scéim na litríochta ginearálta, agus go ndéanfaí iarracht toirt an tsaothair a laghdú agus na samplaí a theorannú. Ionas go mbeidís in ann na hathruithe seo a chur i gcrích bhí gá le comhaontú nua idir an Roinn agus an t-údar.

Cuireadh in iúl do Sheán Óg, mar sin, go mbeadh air toirt an tsaothair a laghdú agus, chuige sin, nach mbeadh cead aige ábhar a chur ar fáil a bhí i gcló cheana i dtéacsanna eile. Luadh Foclóir an Duinnínigh go háirithe. Ní raibh Seán Óg sásta in aon chor leis an méid seo, míshástacht a chuir sé in iúl i litir a scríobh sé chuig Rúnaí na Roinne Oideachais, Seosamh Ó Néill, i mí Mheán Fómhair 1938:

... bheadh sé míchóir amach agus amach ó cuirfí me ó áis focal, ráidhte agus minighthe atá i gcuid des na leabharthaibh luaidhte san

²⁶ Litir ó Sheán Óg chuig Seán Mac Lellan, 3 Bealtaine 1938 (N566 I).

²⁷ Meamram a scríobh Seosamh Ó Néill agus a síníodh ar 14 Márta 1943 (N566 III).

mbrollach-so – focail do bhailigheas agus do sholáthruigheas cheana féin d'eagar deireannach Fhoclóra Uí Dhuinnín.²⁸

Bhí an cheist seo fós á chrá i mí Dheireadh Fómhair agus chuir sé peann le páir arfs:

Ní rabhas lé haon rud a bhí i bhfoclóir an D, i RÓ ná in aon leabhar clódhbhualte eile do chur chugham ach focail go raibh ciall speisialta i gCiarraighe leó ná raibh in aon áit eile!!! Connus b'fhéidir liomsa fios d'fhagháil cad a bhí ná cad ná raibh clódhbhualte, maidir lé beachtacht cheart do bheith ar mo shaothar? cad budh ghábhadh dhom tagairt do Réiltíní Óir? ná raibh an uile fhocal ann curtha agam chun an athar Uí Dhuinnín sar ar bailiughadh riamh an leabhar san agus breis? cad fáth an teóra so do chur liomsa?²⁹

Bhí an-chuid cuir is cúitimh, agus aighnis³⁰, maidir le ceist seo Fhoclóir an Duinnínigh agus toirt an tsaothair. Tarraingíodh dlíodóirí isteach sa scéal, ar an dá thaobh, ach, ar deireadh thiart, d'éirigh leo teacht ar chomhréiteach agus dréactaíodh comhaontú nua, a síníodh sa bláthain 1939.

Ag filleadh ar mhodh oibre Sheán Óig agus é ag gabháil don saothar, thagair sé arís don taisteal fairising a bhí ar bun aige agus é ar thír na leaganacha ba shaibhre i litir a scríobh sé chuig Seán Mac Lellan i mí Eanáir 1942, bliain dheireanach an bhailithe aige:

Chuireas cantam indé chughat, an méid dob fhéidir liom. Thugas tamall ag bailiughadh – fuaireas dhá cheud cor cainnte. Táim ar ais

²⁸ Litir ó Sheán Óg chuig Seosamh Ó Néill, 29 Meán Fómhair 1938 (N566 II).

²⁹ Litir ó Sheán Óg. Ní huaitear cé chuige an litir. 15 Deireadh Fómhair 1938 (N566 II). I litir eile a scriobh sé i 1940, i ndiaidh dóibh an comhaontú nua a shíniú, dùirt sé: ‘Tá a fhios agam go bhfuil abairtidh a's ráidhte agam atá i bhfoclóir Uí Dhuinnín. An locht ar mo chuid oibre san? Ach níl aon rud agam agus atá sa bhfoclóir ná gur chuireas chuige cheana i gcoiriú na dara heagair den leabhar. Níl aon fhocal aige agus (RO) ná (WK) n-a dhiaidh ná go raibh curtha agam chuige. Fuaireas duais as agus 'n-a dhiadh san do bhínn ag cur chuige. Is minic minic do chuidhas isteach chuige le focalaibh.’ 4 Bealtaine 1940 (N566 II – Payments).

³⁰ ‘... tá 43,000 curtha agam chugháibh: seasúigheann an sean-chómhaontugadh fós agus is é bhrú ndualgas me d'ioc láithreach as an obair sin agus an t-iarraga atá agam oraibh as an gcaimhne roimhe seo. Muna ndeintear san beidh ar bháilidhíbh an Stáit me do chur i gcarair, nídh a thaithnéóchadh lé cuid mhaith, ach fógraíomar Roimh an Oideachais trióit-sa (ós tú a gheibheas mo chuid saothair) go mbein buidheach díobh dá geuiridís 'n-a dhiadh so mar ná fuil fonn ar bith orm luighe fén easonór ná fén gcacamas-so níos sia.' Litir ó Sheán Óg chuig Seán Mac Lellan, is dócha, ach gan ag Seán Óg inti ach 'a chara', 1 Deireadh Fómhair 1939 (N566 III).

i nDún Chaoin d'fham agus bheith níos giorra don Oilean Tiar ar feadh tamaill, beidh cao agam ar dhul isteach ann chun cainnte leis na seandaoinibh. Tá socair agam tamall do thabhairt ag bun Chnuic Bhréanainn ar a dhá thaobh agus in Abhainn an Scáil is Lios Póil agus i ndeireadh dála, rachfad go dúithche Uibh Ráthraighe is Néidín nuair thiocfaidh an aimsir bhreáigh.³¹

Ag dul siar, mar sin, ar mhodh oibre Sheáin Óig agus é ag gabháil do CCC, bunaithe ar an bhfianaise a sholáthair sé féin ina chuid comhfhereagras, is féidir linn a rá gur bhaileigh sé ábhar in áiteanna difriúla, ó Chorca Dhuibhne go hUibh Ráthach go Béarra, gur thug sé cuairt ar ‘sheanGhaedhilgeóiridhe’ áirithe agus gur bhuaile a thuilleadh isteach chuige féin, gur labhair sé leo i dtaobh leaganacha éagsúla agus gur chuir sé ceisteanna orthu i dtaobh a n-úsáide, go raibh cúintóirí áirithe ‘fostaithe’ aige chun leaganacha a bhaileú³², gur bhain sé leas as leaganacha a bhí in úsáid ‘ceud go leith bliadhain ó shoin’ agus gur tharraing sé ó na leaganacha a bhaileigh agus a sholáthair sé féin ‘d'eagar deireannach Fhoclóra Uí Dhuinnín’.

I bhfianaise an méid seo, tá an chuma ar an scéal gurb í ‘caint na ndaoine’ eithne a fhoclóra, ceart go leor. Níl aon amhras faoi ach go bhfuil an-chuid leaganacha aige agus an chuma seo orthu, gur seanleaganacha, nathanna agus cora cainte saibhre iad a bhí ar eolas aige féin nó a bhaileigh sé ó chaiteoirí maithe. Ach cad faoi na leaganacha eile atá sa saothar? Nó, leis an gceist a chur ar bhealach eile, an bhfuil leaganacha de chineál eile ann? Cad é, go dfreach, mar sin, ábhar an téacs seo?

Ábhar Croidhe Cainnte Ciarráighe

Nuair a smaoininid ar thoirt an tsaothair, isteach is amach le 2,250,000 focal, ní mór dúinn suntas a thabhairt d'ábhar an téacs. Cad go baileach atá ann go bhfuil an oiread sin focal ann? Is dócha gur féidir linn a rá go ginearálta gur meascán atá i gceist de chineálacha éagsúla focal agus leaganacha. Dá ndéanfaimis iarracht cineál na leaganacha agus na bhfocal seo a rangú, bheadh liosta den sórt seo againn:

- Samplaí bunaithe ar an saol thart timpeall air i gCorca Dhuibhne go háirithe, ina measc, tagairtí do phríomhghairmeacha na feirmeoireachta agus na hiascaireachta; do chontúirt na farraige; agus do chomharthaí na haimsire.

³¹ Litir ó Sheán Óg chuig Seán Mac Lellan, 6 Eanáir 1942 (N566 III – Payments).

³² Cé go ndeir sé faoin bhfocal ‘congamh’ i gcorp CCC: ‘Gan chabhair gan chongamh ó aon duine táim ag broic leis an obair seo: d’iarraidh na hoibre seo do dhéanamh gan cómhóibriughadh ná cuidiughadh ó neach.’

- o Ní crléis ach obair chruaidh bheith ag feirmeoireacht: ní haon tseódh feirmeoireacht.
- o Tá seascaireacht bheith ag feirmeoireacht ar thalamh réidh seachas bheith ar thaobh cnuic: suaimhneas.
- o Rud beagmhaitheasach seadh iascaireachtanois, mar níl aon luach ar iasc: ní bhíonn aon rud de bhárr bheith ag iascach.
- o Ó theip an iascaireacht tá an ceantar cásúar, is air is mó bhíodar ag brath: gearán go holcas.
- o Nuair bhíonn an abhainn ag labhairt cómhartha deagh-aimsire seadh é: nuair dheineann sí glór árd oidhche chíúin.
- o Is olc liom í sin mar spéir, tá sneachtadh innte, ní airidheacht mhaith ar an lá í: cómhartha go mbeidh drochaimsir againn.
- o Tuar anfa seadh na faoilinn go léir do bheith ’n-a luighe ar an dtalamh nglas: cómhartha stoirmeach ón bhfarraige.
- o Cómhartha báistighe seadh na bóithre sin sa bhfarraige: baill gheala mar aibhnte gan ghaioith, ach gaotu ’n-a dtímcheall.
- o Ceódh teasbaigh é sin, ní thiocfaidh aon bháisteach as: tuar aimsire breághtha seadh é.
- o “Ceódh ar aibhnibh ceódh an tsonais; ceódh ar chnocaibh ceódh an donais”: tuar maith ceódh ar aibhnibh; tuar olc ceódh ar chnocaibh.
- o Níor mhaith linn cur chun farraige toisc na gcíthnéal(ta) a bhí ag imtheacht san spéir agus is tuar gaoithe iad: scamaill bháistighe.
- o “An cómharthaidhe báistighe na scamaill smúiteacha san?” – “a mhalaire, cómharthaidhe triomaigh”: rudaidhe a shamhluigheas don inchinn go mbeidh ná rá beidh a lithéid seo d'aimsir lé teacht: súigne.
- Samplaí bunaithe ar a chuid tuairimí agus comhairle féin, an chiall a bhain sé féin as leaganacha áirithe, mar aon le taithí a shaoil féin.
 - o Ar an ndiongabháil atá déanta ag an bhFrainnc ar a teórainc mo thuairim go bhfuilingeóchaidh sí aon ionnsaighe: daingniughadh éachtach le dúntaibh a's fearas cogaidh.
 - o “Buaidhfidh an Ghearmáin ar Shasana” – “mo dhíth etc...”: cainnt gan deallramh é sin (dréir mo thuairm-se).
 - o “Dá mbeadh Éireannach ar bior gheobhfí Éireannach a iompóchadh é” (seanhfocal) .i. go bhfuil sé réidh, éascaidh do shíor ar an bhfeall d'imirt. [Mo thuairim féin gur fada siar

- an seanfhocal é seo, tráth bhíodh na daoine fé dhaorsmacht agus gur mhinic dob fhéidir faisinéis d'fháscadh as dhaoinibh].
- o Bíodh foidhne agat, a bhuidheanach, fan liom, a bhuidheanach, beannacht Dé leat, a bhuidheanaigh etc. [Focal an cheanamhail ar fad seadh é a luigheas leis an gcroidhe i bhfad níos mó ná mar ghnífdheann “grádh”, “múirnín”, “cumann” ná eile].
 - o Cathair níos ceódhmhaire ’ná Lonndain is deacair d’fhagháil: go mbíonn breis ceóidh innte. [ceódhmhaire an chéim bhereise a chuala i gcómhnaidhe in ionad ceódhraighe].
 - o Bíonn mo smaointe go ceódhadhuh nuair fhéachaim ar Cheann Sraithe a’s chuimhnighim ar Mháire ná bíonn ann liom mar do bhíodh: trom: brónach.
 - Seanfhocail, seanráite, sean-nósanna, paidreacha, beannachtaí, mallachtaí, eascainí, piseoga, trúonna, creidimh agus cluichí.
 - o “Is fearr suidhe in aice ’ná suidhe in ionad” (seanfhocal): is fearr gan do chuid ar fad do chaitheamh in aonfheacht ar eagla go mbeadh ceal ort.
 - o “Is minic síos droichbhean tighe lé droch-bhainistighe” – seanfhocal: is minic do theipeann ar mhnaoi ná bíonn eólas ceart tighis aice.
 - o “Fear gan bean gan clann fear gan beann ar aonnu” – seanrádh: ní bhíonn aon fhaitchíos air go mbeadh fé chomaoin ag aonnu toisc ná fuil muirear air: neamhspleádhach.
 - o “Yes” agus “no” an chuid is mó den mBéalra” – seanrádh.
 - o Lánamha phóire: dhá ghráinne phóire (ag ionadughadh buachalla a’s cailín) a cuirtear dhá ghoradh agus in uisce d’fhéachaint an bhfanfaidís gan léimeadh lé ruadhachtaint agus má shnámhfaidís nó dul ar tóin puill i ndiaidh a chéile go mbeidís dílis dá chéile.
 - o “Tá trí nidhthe cóimhchéimeacha nách mór i gcóir an uile chúrsa thábhacthaigh – aimsir, tionnscaí agus feidhm”: nách fuláir do dhul i bhfochair a chéile chun do thionnscnaimh do bheith éirightheach.
 - o Na trí nidhthe a bhaineas le sonas – fál, fáscadh a’s mochóirghe: guirt chosanta, bainistighe a’s érighe moch.
 - o Na trí nidhthe is fuaire ar domhan, glúine fir, cíocha mná a’s srón con.

- o Trí nidhthe ná múintear guth, féile agus filidheacht: nách féidir do thabhairt do dhuine.
- o Trí nidhthe neamh-rathamhla – ús thar ceart, airgead tighe óil agus pósadh lucht gaoil.
- o Flúirsíughadh cinidh oraibh!: go raibh rath clainne oraibh.
- o Ná raibh aon chiorrbadh sláinte ort, mo ghuidhe dhuit, a fhír ghalánta: slán i sláinte mhaith go rabhair i gcómhnaidhe.
- o “Tú féin agus do bhróga”, déarfá san ag fagháil lochta ar dhuine toisc a bhróga, dá satluigheadh ort cuir i gcás.
- o “Áir a’s airc ort”, seo guidhe atá níos treise: “géirleanamhaint a’s ceal ort”.
- o Nára fada go raibh t’annlaidhe sínte!: go rabhair marbh.
- o Bascadh agus leónadh ort: gortughadh mór millteach ort (sin drochghuidhe).
- o Bodhaire agus bacaille ortha (an-dhrochghuidhe): nár chloisir i gceart agus ná rabhair in ann siubhail i gceart.
- o “Go n-ithidh an canncar é!” (drochghuidhe): go gcaithidh sé leis an aicíd sin.
- o Go dtagaidh an conach ort, a bhladhgaire, ná héisteochadh do bhéal, maran agat atá an chainnt: go dtagaidh báine ort: go dtéidhir as do mheabhair nó go dtagaidh drochaicíd áiríthe [aicíd bó] ort.
- o I ndubhlasair ifrinn go loisctear thu (drochghuidhe): teinteacha teódha, diamhaire, loiscightheacha.
- o “Tabhair deoch dom” – “téighir ag feadghail!”: bailbh leat! scrios! gread!
- o Níor mhaith liom thu d’fhéachaint orm, mar táir fiarshúileach, choireofá me, is baoghala (piseoga) i. liathshúlach.
- o “Choidhche ná buailtear leis an gcrann truim tu nó stadfair d’fhás” (piseoga).
- Seanscéalta agus seanamhráin.
 - o “Tháinig fear lá ar bhrúch a’s í ghá grianadh féin ar charraig. Scioibh sé scabal a bhí i dtímeall a gualann mar ná féadfadh sí scaramhaint leis an scabal. Do ráinig clann aca. Lá amháin nuair chuaidh sé anáirde sa frathachaibh mar a raibh líon a theastaigh uaidh. San áit chéadna do bhíodh an scabal aige i bhfolach ón mbrúich. Thuit sí anuas i nganfhios do. Chómh luath a’s chonnaic an bhrúch an scabal shnap í agus

- d’imthigh lé fé dhéin na mara. Ní fheacthas riamh ó shoin í. Ródhéidheanach don bhfeir nuair fuair sé amach cad do thárlaigh.”
- o “Cuir an chloichín seo id bhéal” ars an sagart le Piaras Firtéar, “agus ní féidir tu do chrochadh choidhche”. Dréir ráta (béaloidis) sin mar bhí agus faid chongaibh sé ’n-a bhéal í ní chumhangóchadh an siollán air, go ndubhaint ghá caitheamh as a bhéal ná tabharfí “fuighleach na croiche” air féin choidhche.
 - o Credhíll cheárdchan air, an t-ainscian, an íde is measa a imtheóchadh air tá sé tuillte aige (mallacht uathbhásach). (Deirtear gur seachtar gaibhne a bhí i dtreis, gur marbhuiigheadh dreatháir dóibh a’s lé gach buille do bhuaillidís ar an inneón go n-agraídís oirbhire Dé ar an té a dhein agus ar bhain leis, gur bh’uathbhásach an íde a imthigh ar an té a dhein agus ar a muinntir.)
 - o “A Phádraig”, ars an sagart, “níor cheart duit bheith ag gabháil ar an asal, sin é d’iomchair ár Slánuightheóir” – “A mhúirnín”, arsa Pádraig go héascamhail, “dá mbeadh so aige ní shroichfeadh choidhche í!” [Pádraig Ó Freállaigh agus an tAthair Ó hAodhgáin an lá bhí inghean Phádraig ag pósadh ar an mBuailtín, bhí Pádraig agus “Góibil” Ó Ciabháin athair cleamhan Phádraig ag rás lé n-a chéile ar dhá asal.]
 - o Gruagach an tobair: fathach go raibh cómhacht os chionn nádúra aige a’s a bhíodh i mbun tobair draoidheachta (seanscéal).
 - o “An ainnir chíúin tais mhánla”, adeir an t-amhrán, sé sin: an óigbhean chúthail, lághach, deaghmhúinte.
 - o “Is l’omhtha mar threibhfadh “mo léadar-sa” farraige” (amhrán): bád dána.
 - o “A dhuine, ná cruinnigh an stór, mar leaghfaidh sé ar nós an tsneachtaidh uait” (amhrán): imtheóchaidh gan a thuairisc.
 - o “Seán sa bhrístín leathair” (amhrán).
 - Leaganacha a bhaineann le cursaí ólacháin agus pósta.
 - o Ag ól sláinte a chéile deir an chuideachta, “cabhair Dé chughainn”: go raibh Dia maille linn.
 - o “Sláinte ó chroidhe le fonn/ chun gach faraire modhamhail a leanfadh sinn/ a’s d’fhanfadh ’n-a shuidhe a’s n-a mheabhair/ go bhfeiceadh sé bonn an bharaille/ mar is é mo chuireann

- a’s mo chrúach/ a’s mo leabaidh chun suain an baraille/ ól a’s cuideachta shuairc ní chuirfinn suas faid mhairfinn do/ A dhuine, ná cruinnigh an stór/ mar imtheóchaidh sé ar nós an tsneachtaidh uait/ “marbh go rabhad”, arsa Gearróid/ má chruinnighim go deó puinn airgid/ mar is iomdhá scraiste aca sínte san uaigh/ nár chaith scilling le cruadhas i dtigh an tábhairne/ ’sa gcuid rachmais dá chaitheamh go suairc/ ’gan aicme nár thruagh leó iad treascartha” (seanshláinte): sprionnlaitheacht shuarach.
- o Ag ól sláinte deirtear “fadshaoghal chughat”.
 - o “Ólaim do shláinte a mhinic a thig/ fé thuairm sláinte a mhinic nách dtig/ is truagh nách é minic nách dtig/ a thig chómh minic le minic a thig” (cailín ag ól sláinte beirte buachaillidhe go raibh éileamh aca uirthe): a dhuine a tháinig mórán uaireann.
 - o Nár sclogaigh an deoch choidhche thu (sláinte).
 - o An lá phósais chuiris cruadhshnaidhm ort féin: claoídfir led mhnaoi a’s géillfir di: ceangal dian.
 - o Ó ceangladh me léi níor thug sí suaimhneas uaire dhom: ó pósadh sinn.
 - Tagairtí do chúrsaí staire agus polaitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Is léir ó líon na dtagairtí seo, agus ó na tuairimí a léiríonn sé go raibh fíorspéis aige in imeachtaí polaitiúla na linne.
 - o Sé an cúntas do thug Sasanaigh orainne ar theacht annso dhóibh ar dtúis go n-ithí na leanbhaidhe, go dtugadh máithreacha biadh dá n-ógchláinn de rinn claidhimh, gur bharbardha sinn: gan béasa míne.
 - o Ó, a mhic ó, is ar Shasana do bhí fonn ár gcómhbhrúigthe nuair chuir sí na Dubhchrónaigh annso ag imirt marbhtha a’s gach saghas cora ar dhaoinibh: luighe go trom orainn lé foirneart.
 - o Ag goid ’sag fogha ’sag fuadach ’sag buardáil ’sag marbhadh bhíodh na Dubhchrónaigh ag eaglughadh na ndaoine: ag scannrughadh; ag sceimhlighadh: do chur mothála na guaise ’n-a luighe go doimhin ortha.
 - o Ar an Iodáil atá an chuma chogamhail ag teacht lé deireannaighe, neart a daoine ar fad fé bhuanacht, cath

ar an Aibisín, codhnachas na Mara dTrian, connradh le Hitlear, griogadh Shasana an uile thráth: dealramh chun troda uirthe: fuadar árd chun achrainn.

- o Budh mhór an coilleadh do dhein na Cómhachta buadha ar an nGearmáin, bhaineadar a coigerfocha dhi: bhaineadar a cuid árthaighe agus an uile rud do b'fhéidir leo dhi: scriosadh millteach.
- o Fé láthair is colgach na tíortha, Sasana, an Ghearmáin, an Fhrainnc, an Iodáil agus an tSeapáin: míleata: ag ullamhughadh chun a's ag bagaírt cogaidh.
- o Príomh-riarthóir na hAlmáine Hitlear, agus príomh-riarthóir na hIodáile Musailíní: an té is mó tábhacht.
- o Fir réimeamhla an domhain anois, De Bheailéara, Hitlear, Mosailíní, Peiteán, Francó, Seóirsil, Rúsbhailt, Stailín etc.: is mó cómhacht is úghdarás ina dtforthaibh.
- Sampláí as an mBíobla.³³
 - o “Agus cuirfidh mise dícháirdeas idir tú féin agus an bhean etc.” (Gein. III. 15).
 - o “Agus do thárla an t-am san, an uair d'fhás Maois go ndeachaídh sé amach mar a rabhadar a dhearbháithre agus gur fhéach sé ar a n-ualaighibh agus do chonnaic Éigipteach ag bualadh Eabhraigh, aon dá dhearbháithreachaibh” (Eacs. II. 11).
 - o “Má bochtぬightear do dhreatháir agus go reicfeadh cuid dá sheilbh agus go dtiocfadh aoné dá ghaoltaibh ghá fhuascladh, annsan fuasclóchaidh sé an nidh do reic a dhreatháir” (Leibh. XXV. 15): aithcheannóchaidh.
 - o “Cá háit as a bhfaghainn feóil le tabhairt don phobal uile? óir goilid orm ghá rádh; tabhair dhúinn feóil go n-ithimís.” (Uimh. XI. 13): d'éigheadar: screadadar.
 - o “Agus grádhóchaidh tú an Tighearna, do Dhia, léd chroidhe uile, léit anam uile agus léd chómhacht uile” (Deut. VI. 5): tabharfair t'anam, do smaointe agus do neart go hiomlán do lé cion do chroidhe.
 - Leaganacha bunaithe ar na logainmneacha (áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta) agus ar na gnéithe tíreolaíochta seo a leanas:

33 Bíobla Bhedell go háirithe. Féach Ó Brosnacháin (2001: 319).

Abha an Scáil	An Teampall Bán	Ceann Sibéal	Droichead Átha	Meannán na Gráige
Abha an Tóchair	An Tiarchárt	Ceann Sraithe	Dún an Óir	Meathán mBuidhe
Abha Life	An tOileán Tiar	Ceanóig Mhuirfean	Dún Ciorc	Muileann an Ghifomaigh
Abhaim a' Scáil	Aonach na gCapall	Cearnóg Phéáirnél	Dúnchaoin	Mullach an Chlasaigh
Aimeirice	Astráile	Ceathrú an Fhírtéaraigh	Eas Niagara	Mullach Béal
Aistria	Áth an Phoill	Ceathrú an Phúca	Faill Chliath	Na Blascaodáf
An Aibisín	Áth Cliath	Ciarraí	Faill Muair	Na Branair
An Almáin	Bá an Daingin	Cill Áirne	Falla Iarúsáelíum	Na Cluainte
An Beannán Mór	Baile an Fhaotigh	Cill Chais	Fiascal Caillighe	Na Coimintí
An Bhinn Mhéadhon	Baile an Fhírtéaraigh	Cill Dara	Fiodhach an Daingin	Na Gleanná
An Bhearnáin Bháin	Baile an Fhiadhnaigh	Cill Mhic Éadair	Fiodhach an Fhírtéaraigh	Na Gorta Dubha
An Bhó	Baile an Ghleanna	Cill Orglan	Fionn Trá	Na Grafaidhe
An Bhréasaoil	Baile an Ghöllin	Clais Bheag	Fléadras	Na hIndiachaibh Thiar
An Blascaod Mór	Baile an Mhanaigh	Clár Banban [Éire]	Foirthí Chinn Shraithe	Na hIndiathaibh
An Buailtn	Baile an Rannaigh, Márthain	Cloch an Reasta	Foirthí na Manach	Na hIndiathaibh Thoir
An Camha	Baile an tSagairt	Clochán Cinn Cait	Gaise an Choinín	Na Muilcheanna
An Clasach	Baile Ard na Caithne	Clochar	Galán an tSagairt	Na Ráithníndhe Thusaidh
An Creagán	Baile Bhiocaire	Cluain Seach	Gallán Neilean	Na Ráithíneacha
An Cródh Mór	Baile Bhodáin	Cluain Tarbh	Gleann na Smöl	Na Trí Beanna
An Cötíín	Baile Eagsaile	Cnámh an Bhealaigh	Gleann Daibhch	Nóm in Alasca
An Daingeán	Baile na bhFinn-lubhrach	Cnámh an Eireabail	Gleann luic na muice-méithe	Oileán an Choraintín
An Danmharg	Baile na hAbhann	Cnámh Chinn Sraithe	Gleann Maoluire	Oileán Árann
An Droichead Beag	Baile na nGall	Cnoc an Bhlile	Gleann na bhFeadán	Oileán Dubh
An Duibhír	Baile na Rátha	Cnoc Bhréanainn	Gleann na bpúcaidhe	Oileán Mhanann
An Dún Mór	Baile Sheáin	Cnoc na nDós	Gort an Ghallán	Paróiste Leasa Póil
An Eilbhéis	Bannadáin	Cnoc na nOs	Gort na gCeann	Poll a' Dainh
An Eoraip	Baoi Bhéarra	Cnuicín Fraoigh Uí Chonchubhair	Gort na Groighe	Poll an Phúca
An Faobhar Mór	Bastún	Cóf Chorchaighe	Gort na n-oireanáin	Poll Dún Biinne
An Feóthamach	Béal na bpoll	Coimín Dineóil	Guiní, larthar Afráice	Port Laoighse
An Phiadhlait	Béal na scórnaighe	Com Gath	Inniúl Áth	Raile
An Fraíne	Beann Díarmada	Com na hUth	Imleach Slat	Ráth Caola
An Ghlásfháill	Binn Seandnoi	Corca Dhruibhne	Impireacht na Róimhe	Rud i Seasmh
An Gleann Dearg	Bearna na Gnoithe	Corcaigh	Inis na Bró	Sasaná
An Iodáil	Beithil	Corra Ghráig	Inis Tuaisceart	Scartach an Ghlaíne
An Láir 'san Searrach	Bharsá	Crosaire na gceithre rian	Inis Tuile	Sicéagó
An Laogh	Binn Ós Gaoith	Cruach Mhártan	Innse na gCat	Sion
An Mhí	Binn Seandnoi	Cruach Phádraig	Ísréal	Sláidín an Daingin
An Mhulcheann Thiar	Bod a' Sheasamh	Cuanín Thrágha Bige	Iurúsailm	Sliabh an Iolair
An Mhulcheann Thoir	Bóithín an Duibhriaisc	Cuas an Rón	Leath Mogha	Sráid Ghraftan
An Mhur Mheann	Bóthar an Ghairfn	Cuasín Bhaile Mór	Leineamgrad	Sráid Ghraitean
An Mhuribheach	Bóthar na bhFiodóirí	Cuan an Chaoil	Leitir Iubhaic	Srón Bráin
An Mol Theas	Breíne	Cuan Phinn Trá	Liúir	Talamh Naofa
An Mol Thuaidh	Bun an Fhaobhair	Cuas an Bhodaigh	Loch an Scáil	Teampall Ghallarais
An Muclach	Caisleán an Fhírtéaraigh	Cuas an Reatha	Loch an tSléibhe	Tibet
An Orbhuaidh	Caisleán Ghréagaire	Cuas Cromdha	Loch Cill Uraidh	Tobar an Chéirín
An Ostaire	Caisleán Rátha Fhionáin	Cuas na Miol	Loch Garman	Tobar an Mhaor
An Phoirtingéil	Carraig Aonáir	Cuas na nae (ainn calaoidh)	Lug na hInneónach	Tobar Bhréanoinn
An Sás	Carraig na hAife	Cuirreach Chill Dara	Macha na Bó	Tobar Ghobnaitean
An Seeilg	Carraig Stuaicín	Daingean	Máin an Chlasaigh	Tón na Gualann
An Scolg	Casadh na Gráige	Deacóite Thuaidh	Máin na gCleitidhe	Trá Lí
An Seanduine	Cathair na nGrás	Deireadh na Muice	Mártain	Tuisceart na hlorua
An Tarbh	Ceann Léime	Dothra ar mBeith	Más an Tiompán	Tul Éadan an larthair

- Leaganacha bunaithe ar na hainmhithe, na héisc, na héin agus na plandaí seo a leanas:

ÉIN/ÉISC/AINMHITHE		PLANDAÍ
asal	gearrán	ainís
asal Spáinneach	gillín	aiteann Frannach
baise gheal	gírrfhiadh	aiteann Gaedhealach
ballach	glas-phartán	aiteann Gallda
beithir	gleamach	arán glas
boc	góisín	buachallán buidhe
bod gaoithe	gréasaídhé	buidhe mór
bramach	grogaire faoilinne	camáinmeall
broc	guardal	ceannabhán
cailleach bhreac	imiléad	clóibhar
cairnfhiaadh	iúcaire	coirce
caisílín	lacha	comán meall
caisílín aitinn	lachainn fhiadhaine (fiadhlachainn)	copóg
caisílín an tóin bháin	lannga	copóg sráide
caobach	leamhan	cornán
capall	leathóig	crann daraighe
cearc feadha	leomhán	crann truim
céirseach (an chearc)	líomhán gréine	cuirthneacht
céis	liopa de leap	cuileann
ciaróg	loch fharrage	Donnchadh an chaipín
circín trágha	lóma	eidhneán
cnúdán	lon	feamnach
coileach feadha	lon abhann	feamnach bhuf
coileach Frannach	lon dubh (an coileach)	feamnach dhubbh
coileach tighe	lon Doire an Cháirm	féar
coileán	luch colamáin áird	feóchadán
collach	luch fharrage	fige
collach portáin	madra ruadh	fíneamhain
colmóir (colamóir)	maghar	fion-úir
colúr	maircéal	fiorthann
colúr faille	maoiseach	fiúise (deóra Dé)
colúr talmhan	mart	flíodh
colúr tuinne	meaig	fraoch
corr glas	mínseach	fraochán
corra (geárrcach an ghainéid)	míol gréine	fraoch bán
correach	mioltóig	fraoch na gclog
corriasc	mionnán	fuinnseóig
cormhíol	moltachán	gabáiste
corróig mhara	muca mara	gafan
crág	muirín	gáirleóig
cráin	múisceán	geamhar
cráin dhubbh	múscán	geosadán
cráin ghé	naoscach	giolcach
craosaire (iasc)	nathair	giumhais
craosaire bán	onchú	giumhais phortaigh

creagar	os	iubhar
crímhíol	péacóig	leadán
cróig	Peadairín [Éan Pheadair]	learmán
croglaile	pearóid na mara	lón
crosán	peilséar	magairlín
cuach	Pilib an gheiture	magairlín meadhach
cuil	pilibín míoc	meacan
cúrlíún	pís an ríbe	méaracán dhearga
damh	piscín	mil-mhear
damh riata	piseán na gcapall	mionfhraoch
daol	piseánach	mustárd
darbhdaol	pocaire gaoithe	nóinín
dearga-bhear	pocaire na mbánta	oinniún
deargán	pocán/poc	paílm
deargdaol	pollóg	pairseach buidhe
Diairmín na dtor	préachán an chaca	pis
Dómhnall dubh	préachán coisdearg	pluma
Donnchadh na súl mór	puisín	práta
eala	ráineach	raithneach mhadra
éan róin	riabhóig	raithneach Mhuire
eascú	roc	rughán
elit	roilleóig	ruis
fáinleóig	rón	sail
faoileann	ronnach	salchuach
faoitín	rotha	samhaircínidhe
faolchú	ruacan	seamróig
feadóig sléibhe	rúach	sínséar
fiach	rutha	sobhaircín
fiach dubh	sáimhín	
fiach mara	scadán	
fiadh	scadán gainimhe	
fiadh beannach	scodal	
fiadh fionn	seabhadh buidhe	
fiadh maol	seabhadh gorm	
fiadh na n-adharc	seabharóig (iasc)	
fiadh ruadh	seaga	
fiadh-mhuc	seangán	
fíneóig	searróig	
fiogach	Sighle na bportaidhthe	
fiolar	siobháinín (an bunán)	
forcha	Siobhán an Scrogail	
frigh	sionnach	
fuaisceán	smuga róin	
fuipín	spainnéar	
fuisseóig	spiairliant	
gabhar	spiairliant ghainimhe	
gadhar	spideóig	
gainníead	sutha	
gamhain (fiadh)	tóithín (muc mhara bheag)	
gandal	tradhna	
gé	trosc (torasc)	
gealbhan	turcaighe	

- Samplaí a thugann sé ar mhaithe le gné chanúnach nó foghraíochta faoi leith a shonrú:
 - **áidhbhéil:** Inneósad an scéal díbh gan aon áidhbhéil: gan aon iarracht do thabhairt im aithris ar a chur 'n-a luighe ar mo lucht éisteachta go raibh sé níos measa nó níos uathbhásaithe 'ná bhí [níl an chiall "áidhbhéis" leis annso in ao'chor].
 - **aithdhheimim:** An uile lá cuireann sé geall ar chapallaibh agus cailleann, ach ní thréigfeadh a mhian, ní aithdhéanfad (aítéanfad an fhoghraídheat) an saoghal mó: ní atharróchadh faic a aigne.
 - **annamh:** [Ní cloistear an "mh" i ndeireadh annamh roimh "l"; is anna(mh) liom, leat, leis, léi, linn, libh, leó]
 - **buirbín:** Foghruigtheart "bruibín" é.
 - **can:** "Fear can (gan) bean, can (gan) clann, fear can (gan) beann ar aonname" [Is eól dom lón tighe áirighthe a bhaineas áis as an bhfocal "can" in ionad "gan" do shíor]
 - **cliabh:** [San Dún so agaínn agus mórdtímcéall ní tugtar "cliabh" ar aon árus fughte ach ar an gceann do h-iomcharthan ar dhruim dhuine].
- Samplaí a d'úsáid sé as saothair foclóireachta eile; foclór an Duinnfnígh go háirithe, ach gur áitigh Seán Óg i gcónaí nár úsáid sé as an bhfoclór úd ach an t-ábhar a chuir sé féin ar fáil dó, agus an *Dictionary of the English Language* de chuid Worcester, a bhí, mar a chruthaíonn Niall Ó Brosnacháin in *Éist leis an gCóta*, mar mhúnlá aige agus an foclór á leagan amach aige. Maíonn Ó Brosnacháin gur lomaistriúcháin iad cuid de na sainmhínithe in CCC ar na sainmhínithe céanna i bhfoclór Worcester.³⁴
- Leaganacha atá go minic aige:
 - Tá an nath úd 'Aoine an Chéasta is mó an céasadh bainne d'ól' ceithre huairé aige – faoi na ceannfhocail 'Aoine', 'cáisc', 'céasadh' agus 'feóil'.³⁵

³⁴ Ó Brosnacháin (2001: 142–6; §3.21 go háirithe). Mar shampla: 'Crime ... Crime is a violation of a human law, or the law of a state; sin is a violation of the divine law, or the precepts of religion; vice is the opposite to virtue, and is an offence against morality, or a violation of the moral law...', '**cíonna** ... gníomh in aghaidh dilige na talmhan a's na daonnacha. Tugtar peacadha ar ghníomharthaíbh in aghaidh aithne creidimh; tugtar dubháilcidhe ar ghníomharthaíbh in aghaidh riaghalaigh an cheartais...' (lch 144).

³⁵ **Aoine:** "Aoine an Chéasta is mó an céasadh bainne d'ól": is riaghail é téadhnas do dhéanamh air an lá san/ **cáisc:** "Aoine an Chéasta is mó an méala bainne d'ól, Domhnach Cáasca, is mó an náire bheith gan feoil" – seanghiota/ **céasadh:** "Aoine an Chéasta is mó an céasadh bainne d'ól, Domhnach Cáasca is mó an náire bheith gan feoil" (seanrádh): is mó an pían a chuirtear ar éinne a bhriseas téadhnas an bhainne an lá san; ilphianadh; pianpháis; crádh/ **feóil:** "Aoine an Chéasta is mó an méala bainne d'ól/ Domhnach Cáasca is mó an náire bheith gan feoil" (rádh coitcheann).

- An pósadh úd idir 'leaghadh Dia' agus 'lom amhgair' sé huairé aige faoi chuíg cheannfhocal éagsúla.³⁶
- Agus 'Ní féasta go róstadh, ní céasadh go pósadh' trí huairé aige.³⁷
- Leaganacha a bhfuil an chuma orthu gur chruthaigh sé féin iad le freastal ar easnaimh ar an gcaint. Ba thuairim choitianta é go raibh 'féith na cruthaitheachta i Seán Óg', é 'de bhua aige focal nua a chumadh nuair nach raibh an téarma cuí sa Ghaeilge ag an am ar fhearas nó ar choincheap nua-aimsire éigin'.³⁸ Tá samplaí áirithe ann, mar shampla, ina dtugann sé an comhfocal Béarla idir lúibíní, ar mhaithe le brí an téarma a shoiléiriú, is dócha.
 - Shín an long chogaidh suas lé n-ár gcliathán agus d'fhiarraigheadar an bhfeacamair aon "lachlong" (submarine!): thángadar ar chómhuisce linn.
 - Meádtar cómhacht "gusa géir" (acid) ar iarann do leigheadh dréir an méid do leigheann sé go cinnte.

Ar an iomlán, mar sin, is féidir a rá go deimhnitheach gur meascán atá sa téacs seo. Meascán den mhéid a bhailigh Seán Óg óna incheann féin, ó sheanchainteoír agus ó leabhair. Mar a luadh agus tagairt á déanamh do chineál na leaganacha, níor leasc leis úsáid a bhaint as an leagan céanna roinnt uaireanta. Níor leasc leis, ach oiread, lón suntasach samplaí a sholáthar, cuid acu a raibh an-chosúlacht eatarthu. Feictear go minic agus eagarthóireacht á déanamh ag Fiachra Éilgeach ar an saothar, go scriobhadh sé 'Duplication' nó 'Dupl.' minic go leor, toisc sampla comhchosúil tugtha ag Seán Óg sa ghiota úd cheana féin nó faoi cheannfhocal a bhí gaolta

³⁶ **amhgair:** Do phós leaghadh Dia is lom amhgair: an bheirt is deilbhe, is neamhchríochannmha, mío-ádhmráighe/ **Dia:** Pósadh "leaghadh Dia" agus "lom amhgair" indiu i. seanrádh ag tagairt d'fhearr fuar, diomhaoin gan chrích agus leighcidhe neamhghasta mná/ Is maith mar thárlaídh, leaghadh Dia agus lom amhgair: is oireamhnach mar bhual beirt aindeiseoiridhe gan chróchnughadh ar a chéile/ **lánamha:** Is olc an lánamha lé pósadh "leaghadh Dia" a's "lom amhgair": fuairthé a's fíor-bhochtán/ **leaghadh:** Indé pósadh leaghadh Dia agus lom amhgair: fear nár mhaith aonnidh a's bean ná raibh tada spréidhe aice/ **pósadh:** "Pósadh leaghadh Dia is lom-amhgair" i. na beirte go mbíonn cuid dhuine caithte is gan ach an suarachas tearc ag an nduine eile.'

³⁷ **céasadh:** "Ní féasta go róstadh, ní céasadh go pósadh": dá fheabhas fleadh ní fleadh maith ar easnambh an rósta dá mhéid crádhsaoghl a bhíos ar dhuine a's é singil ní fiú biorán a's é go bpósann sé/ **féasta:** "Ní féasta go róstá, a's ní céasadh go pósadh" (seannfhocal): gan feoil ag róstadh féasta gan mhaith é, dá dhona ge duine an saoghal is measa 'ná san é tréis póstá dho/ **pósadh:** Deirtear nách féasta go róstadh is nách céasadh go pósadh: gur annsan do thosnuigheann duabhas an tsaoighail i ndáiríribh ar dhuine.'

³⁸ Ó Brosnacháin (2001: 331).

leis.³⁹ Nuair a chuir an Roinn Airgeadais in iúl don Roinn Oideachais sa bhliain 1938 nach raibh siad sásta le toirt an tsaothair, agus an t-ardchostas a bhaileadh leis dá leanfadh Seán Óg air ar an mbealach céanna, agus gur theastaigh uathu go gcuirfí srian leis:

Accordingly we welcome the suggestion thrown out at the recent conference that you should take counsel with the General Inspector for Irish, the Editor, and the Author himself with a view to restricting the compass of the compilation to words and phrases that are peculiar to the Kerry idiom in current use and to the elimination, so far as humanly possible, of padding and of any words and phrases in common use in other dialects.⁴⁰

Seo an freagra a thug Seán orthu:

Indé dubhras liom go raibh mórán padding agam ... D'fheudfainn a rádh leat go bhfuil fear san nGÚM a dubhaint liom Padding mo dhóthain do chur ann agus beirt thall annsan adubhaint go bhfeudfainn £60 do thuilleamh sa mhí ach gan dul ag cainnt leis an Aire. Seadh mar sin cloisfidh an t-Aire agus a thuilleadh nach é an feallbheart atá dhá dheunamh orm mara bhfaighim mo chomhthrom agus b'fhéidir go mbeadh cuid des na scigiridhibh ag gol!⁴¹

Spéisiúil go leor, tháinig ceist seo an *padding* chun cinn arís sa bhliain 1943 agus ceist fhoilsitheoreacht an tsaothair á plé ag an Roinn. Iarradh ar T.F. O'Rahilly an t-imleabhar ón bhfocal ‘sughadh’ go dtí an focal ‘teacht’ a mheas agus a chuid tuairimí a thabhairt i dtaobh a fhiúntais. Sa nóta a scriobh sé chucu ‘faoi rún’ dúirt sé:

Two things stand out at once:

- (1) the amazing way in which the author has **padded** out his work to an unbelievable extent; &
- (2) the fact that the work as it stands is an untrustworthy hotch-

³⁹ Mar shampla, faoin dá cheannfhocal seóinseáil agus seóinseálim, faigtear: ‘Déanfad seóinseáil leat más dóigh leat gur fearr an t-ionad atá agam: malartóchad ionad leat.’ ‘Mara dtaithnígheann an suidheachán san leat seóinseálfad leat: malartóchad.’

⁴⁰ Litir ó Walter Doolin, an Roinn Airgeadais, chuig Seosamh Ó Néill, 17 Meitheamh 1938 (N566 II).

⁴¹ Litir ó Sheán Óg chuig Seosamh Ó Néill, 5 Iúil 1938 (N566 II). Is le Seán Óg féin na folínte.

potch – a basis of W. Kerry Irish, mixed with Irish extracted from dictionaries and texts (there are scores of quotations from the Irish O.T. and N.T.⁴²) and with bogus words such as aibhléis = ‘electricity’, cadhnradh = ‘battery’ (?)

The work is certainly not worth printing.⁴³

Croidhe Cainnte Ciarraighe: Scéal na gCeart

Ag filleadh ar an gceist úd a ardaíodh i 1938 maidir leis an saothar a theorannú, thíos ar réiteach ar deireadh agus síniódh an comhaontú nua idir Seán Óg agus an Roinn Oideachais ar 4 Deireadh Fómhair 1939, comhaontú faoinar leagadh sprioc cinnte roimh Sheán Óg maidir leis an saothar a chríochnú mar aon le sprioc eagarthóireachta. I ndiaidh do Sheán Óg an dara comhaontú seo a shíniú, agus i ndiaidh dó dhá shíneadh ama a lorg agus a fháil, bhí an chuid dheireanach den saothar i seilbh na Roinne oíche chinn bliana 1942. Díreach i ndiaidh an fhocail ‘útamálaidhe’, an focal deireanach sa saothar ar fad, i bpeannaireacht Sheán Óig, tá an nóta seo a leanas breactha aige: ‘Ar n-a chríochnughadh ar an 30adh lá d'Easbafhuilt, 1942. A bhuidhe le Dia, Seán an Chóta.’ Bhí an chuid seo den tionscnamh i gcrích, mar sin, sé sin, tiomsú an ábhair, ach bhí an obair eagarthóireachta fós ar siúl ag Fiachra Éilgeach. Faoi chlásal 10 (2) de chuid an dara comhaontú, sonraíodh nár mhór eagarthóireacht an tsaothair a chríochnú ‘lá nach déidheannaighe ’ná dhá mhí dhéag ón dáta a gheobhthar an beart deiridh ón Ughdar’⁴⁴. Faoi chlásal 13 ansin, bheadh ar an Aire cinneadh a dhéanamh maidir le foilsíú an tsaothair ‘taobh istigh de dhá mhí dhéag ón lá a bheidh críoch curtha ar eagarthóireacht an tsaothair’⁴⁵.

Ba siar sa bhliain 1938 a léiríodh amhras, den chéad uair, go gcuirfí an saothar i gcló riabhach de bharr a thoirte. I mí an Mhárta na bliana sin scriobh Walter Doolin sa Roinn Airgeadais litir chuig Proinnsias Ó Dubhthaigh, Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, inar ardaigh sé roinnt ceisteanna i dtaobh an tionscnaimh, ina measc:

... is it possible you contemplate the separate publication of over twenty volumes?

⁴² Tagraionn na giorrúcháin ‘O.T.’ agus ‘N.T.’ anseo don Sean- agus don Nua-Thiomna.

⁴³ Nóta a scriobh T.F. O'Rahilly ‘faoi rún’ (N566).

⁴⁴ ‘Comh-aontughadh ar n-a dhéanamh an 4adh lá de Dheireadh Foghmhair, 1939’, idir an tAire Oideachais agus Seán Óg Ó Caomhánaigh (Páipéir an Taoisigh, Comhad: 977/9/370), clásal 10 (2).

⁴⁵ *Ibid.*, clásal 13.

Do you really think there will be a public for the sale of a dictionary of idioms and phrases running into thousands of pages?

If so, at what price? Could it possibly be from our point of view economic, or even approaching it?

Do you not think at this stage that £2 per thousand words is easy money for the author?

Is there any body or authority to check the correctness of the idioms included by the author, and is their currency at this moment in Co. Kerry accepted departmentally on his own *ipse dixit*?⁴⁶

Maidir leis an gcéad cheist i dtaobh fhoilsiú an téacs, tá an méid seo a leanas i dtuairisc a cuireadh le chéile dar teideal, ‘Croidhe Chainnte Chiarraí. Question of its publication as a secondary school texts [sic]’:

We have come to no definite decision as to the method of publishing CCC but we see many advantages in issuing it in parts (with paper covers). This would involve no additional cost and would give some indication of the demand for the work which would be of assistance in deciding how many copies of the complete volume should be subsequently issued. The great delay in finishing the work is a further reason for issuing it in sections.⁴⁷

I mí an Mheithimh chuir Walter Doolin litir eile, chuig Seosamh Ó Néill an uair seo, inar scríobh sé:

However desirable it may be from the linguistic point of view, now that the work has commenced, to have on record an exhaustive compilation of all the words and idioms in use in the Kerry Gaeltacht, we cannot for a moment lose sight of the ultimate cost of such a publication, proportionately to what can be made available for Irish books, the possible consequences of applying to it a system of payment based on a rate per thousand words, and the limited numbers of the public who can be counted on to make use of it and to purchase it, when completed.⁴⁸

Is léir gur baineadh siar as Seán Óg nuair a cuireadh an méid seo in iúl dó,

46 Litir ó Walter Doolin chuig Proinnsias Ó Dubhthaigh, 21 Mártá 1938 (N566 I).

47 ‘Croidhe Chainnte Chiarraí. Question of its publication as a secondary school texts [sic]’ (N566 I), pointe 7.

48 Litir ó Walter Doolin chuig Seosamh Ó Néill, 17 Meitheamh 1938 (N566 II).

toisc nach raibh sé ag teacht in aon chor leis an méid a bhí cloiste aige ó fhoinsí eile:

Seal gearr ó shoin cuala go raibh dá leabharán de CH.C.C ullamh don gclódóir.⁴⁹

Mar a luadh cheana, socraíodh faoin dara comhaontú agus faoi chlásal 13 go háirithe, go bhfágfaí ceist na foilsitheoirreachta go dtí an deireadh ar fad agus go ndéanfadhbh an tAire an cinneadh nuair a thiocfadh an t-am. Ach, cad a tharlódh sa chás go socródh sé gan é a chur i gcló. De réir an chlásail chéanna, ‘má chinneann an tAire gan an saothar nó aon chuid de do fhoillsiughadh raghaidh an cóibcheart sa tsaothar nó in aon chuid de nach toil leis an Aire é fhoillsiughadh i seilbh an Ughdar ón lá cuirfeair breith an Aire in iúl do’⁵⁰.

I mí an Mheithimh 1943, sé mhí i ndiaidh do Sheán Óg an beart deireanach a chur de, chuir oifig an Taoisigh litir chuig Seosamh Ó Néill, maidir le clásail seo na foilsitheoirreachta agus lorg sé a thuairim faoin rud ab fhéarr le déanamh leis an saothar. Ba é an freagra a fuair sé, ná:

Mar gheall ar thuaraschbhála do fuarthas le déidheannaighe i dtaobh cháile an tsaothair, ní dócha go bhfoillseóchaidh an Roinn é ’san chruth ina bhfuil sé fá láthair ... Tá an scéal dhá bhreathnú ag an Aire d’fhéachaint ar chóir gach ceart dá mbaineann leis an saothar do cheannach ó’n ughdar, ionnas go bhféadfaí an t-adhbhar d’úsáid, amach annso, nuair do bheadh foclóir “Gaedhilg – Gaedhilg” dhá ullmhú. Má cinntear ar sin, táthar ag brath an láimh-scríbhinn do chur arais chun an ughdair do réir chlasáil 13, agus tuairim ’s bliadhain do leigint thart sula dtosnuightear ar aon mhargáil do dhéanamh leis maidir le ceannach na gceart úd uaidh. Ní dóigh leis an Roinn go n-éireóchaidh leis an ughdar féin an saothar do chur dhá fhoilsiú, agus is ar an adhbhar san atáthar ag smaoineadh ar na cearta do cheannach. Acht, má éirigheann leis an ughdar féin an saothar do chur dhá fhoilsiú, dar ndóigh ní bheidh aon riachtanas le n-a leithéid de chúrsa.⁵¹

49 Litir ó Sheán Óg chuig Seosamh Ó Néill, 5 Iúil 1938 (N566 II).

50 ‘Comh-aontughadh ar n-a dhéanamh an 4adh lá de Dheireadh Foghmhair, 1939’, idir an tAire Oideachais agus Seán Óg Ó Caomhánaigh (Páipéir an Taoisigh, Comhad: 97/9/370), clásal 13.

51 Litir ó Seosamh Ó Néill chuig Rúnaí Oifig an Taoisigh, Muiris Ó Muimhneacháin, 2 Iúil 1943 (Páipéir an Taoisigh, Comhad: 97/9/370).

I litir a scríobh Proinsias Ó Dubhthaigh chuit Rúnaí na Roinne Airgeadais i mí Dheireadh Fómhair 1944, ansin, chuir sé in iúl go raibh ‘Aire na Roinne Oideachais’ den tuairim nár chóir an saothar a thabhairt ar ais do Sheán Óg in aon chor:

Ciaca foillseochar an saothar nó ná foillseochar tá an tAire deimhnightheach gur tábhachtach an úsaíd a d’fhéadfaí a bhaint as nuair a bheadh foclóir Gaedhilg—Gaedhilg dá ullmhú amach annseo, mar atá beartuighthe aige, agus, ní hé amháin sin, ach gur mór an sabháil ama agus airgid é dá bhféadfaí an t-adhbhar do chur ar fagháil go réidh do lucht ullmhuighthe an fhoclóra sin. Má cuirtear an láimhscríbhinn ar ais chun an ughdar is eagal leis an Aire go mbeadh contabhairt mhór ann go mb’fhéidir go gcaillfí nó go scriosfaí í, ó tharla gur beag seans do bheadh ag an ughdar féin í chur d’á foillsiú.⁵²

Is léir, mar sin, in ainneoin na ndeacrachtaí agus an amhrais a léiriódh i dtaoibh an tsaothair le linn an tionscainmh, gur thuig an Roinn an tábhacht agus an luach a bhain leis. Socraíodh, mar sin, gur chóir iarracht a dhéanamh na cearta a cheannach ó Sheán Óg. Scríobhadh chuige i mí na Samhna 1944 agus ofráladh £100 dó ar na cearta. Tháinig litir ó David H. Charles, dlíodóir Sheán Óg, i mí an Mhárta ina dhiaidh sin inar chuir sé in iúl dóibh, ‘Mr. Kavanagh has now authorised me to state that he will not accept the offer of £100. but that he would agree to take £500. for his copyright in the said work’⁵³. Rinneadh £200 a thairiscint dó ansin. Ar an 16 Aibreán 1945 scríobh Charles ar ais, ag cur in iúl don Roinn nach raibh Seán Óg sásta leis an tairiscint de bharr an dua a bhí caite aige leis an obair. Theastaigh uaidh, ag an am céanna, go mbeadh an saothar i seilbh an Stáit go bhféadfaí úsaíd a bhaint as. Ar an ábhar sin, ghlacfadh sé le £300.⁵⁴ Ar deireadh thiар, shocraigh an Roinn Airgeadais go n-íocfaidís £300 leis, agus ar 25 Iúil 1945 síniódh comhaontú idir é féin agus an tAire Oideachais, agus ‘do réir téarmaí an Chomh-Aontaithe sin aontaíonn Mac Uí Chaomhánaigh gach cóipcheart i gCCC do dhíol leis an Aire ar £300’⁵⁵.

52 Litir ó Phroinsias Ó Dubhthaigh chuit Rúnaí na Roinne Airgeadais, 11 Deireadh Fómhair 1944 (Páipéis an Taoisigh, Comhad: 97/9/370).

53 Litir ó David H. Charles chuit Proinsias Ó Dubhthaigh, 13 Eanáir 1945 (Páipéis an Taoisigh, Comhad: 97/9/370).

54 Litir ó David H. Charles chuit Proinsias Ó Dubhthaigh, 16 Aibreán 1945 (Páipéis an Taoisigh, Comhad: 97/9/370).

55 Litir ó Mhícheál Breathnach chuit Rúnaí na Roinne Airgeadais, 30 Iúil 1945 (Páipéis an Taoisigh, Comhad: 97/9/370).

Ar deireadh thiар, ní £300 a fuair Seán Óg ar son an chóipchirt, áfach, ach £300 líuide £143:0:4 a bhí ag dul do lucht na Cánach Ioncaim.⁵⁶

Ar 25 Iúil 1945, mar sin, tháinig deireadh le baint Sheán Óg leis an saothar. Laistigh de dhá bhliain i ndiaidh dó an comhaontú seo a shíniú, bhí sé cailte.

Críoch

Críochnóidh mé an t-alt seo mar a thosaigh mé é, ag tagairt do thuiscintí Sheán Óg agus an Athar Peadar araoí i leith na teanga. Thuig an bheirt acu, thar aon ní eile, gur i measc na seanchainteoír saibhre a mhair an Ghaeilge ab fhearr ach nach mairfeadh na seanchainteoír úd go deo, go raibh saibhreas iontach sna leabhair, chomh maith, agus gur faoin duine aonair a bhí a chuid iarrachtaí pearsanta féin a dhéanamh ar mhaithe leis an teanga a chaomhnú dóibh siúd a chuirfeadh spéis inti nuair nach mairfeadh sí ach i bhfíorbheagán áiteanna agus i bhfíorbheagán croíthe. Mar a dúirt an tAthair Peadar:

Ansan iseadh do buaileadh isteach am’ aigne go raibh an Ghaeluin ag imtheacht; go mbéadh sí ag imtheacht agus na daoine óga ag teacht; go n-eireóchadh sliocht agus an dá theanga acu, Gaeluin agus Béarla i n-aonfheacht; ansan go n-eireóchadh sliocht i ndiaigh an tsleachta san, agus gan aon fhocal Gaeluinne acu.⁵⁷

... Isé rud a tháinig dom as an machtnamh, agus as an mbrón agus as an uaigneas, ’ná gur shocruigheas am’ aigne, pé rud a dhéanfadh aon duine eile, go gcoimeádfainn féin mo chion de’n Gaeluin gan dul ar neamhnídh.⁵⁸

... Do chromas airí ar na leabhraibh Gaeluinne sa leabharlann do léigheadh agus do sgrúdadh, agus ar na blúirí beaga filidheachta do thaithneadh liom do chur síos am’ leabhar sgríbhinné. Nuair a thagann abhaile ar laethantaibh saoire bhínn ag gluaiseacht anso agus ansúd ar fuid na cómharsanachta ag bailiughadh amhrán agus seana chainteana Gaeluinne ó sheandaoine go mbíodh a leithéidí acu.⁵⁹

Is dócha nach n-aithneofaí an oiread sin cosúlachtaí idir pearsana na beirte

56 Litir ó Sheán Mac Lellan chuit Seumas Mac Ugo, Rúnaí Priobháideach, Roinn an Taoisigh, 6 Meitheamh 1946 (Páipéis an Taoisigh, Comhad: 97/9/370).

57 Ua Laoghaire (1915: 99).

58 *Ibid.*, 100.

59 *Ibid.*, 105.

seo i gcoitinne ach, ag breathnú dúinn ar ábhar *Croidhe Cainnte Ciarraighe*, ar mhodh a thiomsaithe agus ar thuscintí Sheáin Óig ar chaomhnú na teanga, níl aon amhras ach go bhfeictear macasamhail éigin an Athar Peadar ann agus é tar éis dul i muinín na seanchainteoirí, na leabhar, na seanamhrán agus na seanfhilíochta agus a mhórshaothar foclóireachta á chur le chéile aige.

FOINSÍ:

Comhaid An Gúm (ar coimeád sa Chartlann Náisiúnta)

- N566 – ‘CCC’
- N566 I – ‘CCC’
- N566 II – ‘CCC’
- N566 II – ‘Payments – CCC’
- N566 III – ‘CCC’
- N566 III – ‘Payments – CCC’
- N566 IV – ‘CCC’

Comhad Roinn an Taoisigh

NA 97/9/370 – ‘Croidhe Cainnte Chiarraighe le Seán Ó Caomhánaigh: comh-aontúghadh leis an Aire Oideachais.’

Mac Aonghusa, Proinsias (1994) ‘Gáire Mór na Féasóige’ in Mac Aonghusa, Proinsias/ de Bhaldraithe, Tomás [eagf] *Dáithí Ó hUaithne: Cuimhní Cairde*. An Clóchomhar Tta: Baile Átha Cliath, 117–33.

Ó Brosnacháin, Niall (2001) *Éist leis an gCóta*. An Sagart: Maigh Nuad.
Ó Caomhánaigh, Seán Óg (1991a) ‘Staid na Teanga i gCorca Dhuibhne’ in Ó Dúshláine, Tadhg [eag.] *Éist le Dubh Dorcha: Cnuasach d'aistí le Seán Óg Caomhánach*. An Sagart: Maigh Nuad, 6–7.

Ó Caomhánaigh, Seán Óg (1991b) ‘Maisiú ár Litrfochta’ in Ó Dúshláine, Tadhg [eag.] *Éist le Dubh Dorcha: Cnuasach d'aistí le Seán Óg Caomhánach*. An Sagart: Maigh Nuad, 22–3.

Ó hUaithne, Dáithí (1947) ‘Seán a’ Chóta’, *Comhar*, Mártá, 5.

O’Leary, Peter (1902) *Irish Prose Composition*. Irish Book Company: Dublin.

Ó Lúing, Seán (1985) *Seán an Chóta*. Coiscéim: Baile Átha Cliath.

Ó Seárcaigh, Séamus (1933) *Nua-Sgríbhneoirí na Gaedhilge*. Brún & Ó Nualláin: Baile Átha Cliath.

Ó Siadhail, Micheál (1994) ‘Athair de mo Chuid’ in Mac Aonghusa, Proinsias/ de Bhaldraithe, Tomás [eagf] *Dáithí Ó hUaithne: Cuimhní Cairde*. An Clóchomhar Tta: Baile Átha Cliath, 31–7.

Ua Laoghaire, Peadar (1915) *Mo Sgéal Féin*, Brún agus Ó Nóláin, Teor., Baile Átha Cliath, Béal Feirste, Corcaigh agus Portlárige.